# *Éachtaí an Ardáin ‘Réidh don Todhchaí’ 2021–2024*

## Ag tacú leis an gCoimisiún dlí an Aontais a shimpliú agus a nuachóiriú



Is sainghrúpa ardleibhéil é an tArdán ‘Réidh don Todhchaí’ ina bhfuil páirtithe leasmhara agus ionadaithe ó Bhallstáit uile an Aontais. Bunaíodh é in 2021 **chun cuidiú leis an gCoimisiún Eorpach dlíthe an Aontais atá ann cheana féin a shimpliú agus a nuachóiriú, agus féachaint chuige go seasfadh siad an aimsir**, agus **go mbeadh siad ábalta freagairt do threochtaí, teicneolaíochtaí agus athruithe sóisialta atá ag teacht chun cinn.**

A bhuí leis an gcaoi a bhfuil an tArdán comhdhéanta agus an ionadaíocht a dhéanann sé ar leasanna na bpáirtithe leasmhara éagsúla, agus a bhuí freisin le rannpháirtíocht Choiste na Réigiún agus Líonra Toscairí na FBManna, **chuidigh an tArdán** chun **beartais agus dlíthe an Aontais a dhéanamh níos fusa a chur i bhfeidhm, níos éifeachtúla agus níos saoire** do na Ballstáit, réigiúin, earnálacha agus gnólachtaí.

Thionóil an tArdán a chruinniú iomlánach deiridh an 17 Deireadh Fómhair 2024, cruinniú a chuir deireadh lena shainordú 4 bliana. Ba iad seo a leanas **príomhéachtaí** an tsainordaithe sin:

***glacadh 41 tuairim***, *agus rinneadh thart ar **260 moladh shonracha** chun dlíthe an Aontais a shimpliú agus a nuachóiriú*

***fuarthas 650 mír ionchuir** ó ghrúpaí rialtais agus grúpaí páirtithe leasmhara*

*chuidigh sé chun tionscnaimh shuaitheanta de chuid an Choimisiúin a mhúnlú, mar shampla **CBL sa ré dhigiteach**, an **Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha**, **Éicidhearthóireacht**, an **Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin**, an **Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach**, agus an **pacáiste maidir le hAontas Baincéireachta**.*

Tá cuid mhór déanta ag an Ardán i dtaca le raon leathan tosaíochtaí:

### ❖ *Dlí an Aontais a shimpliú, agus feabhas ar chur i bhfeidhm agus ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais*

Trína thuairimí, thacaigh an tArdán le hiarrachtaí an Choimisiúin chun cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a shimpliú agus a fheabhsú, agus feabhas a chur ar fhorfheidhmiú.

Ar na samplaí tá: CBL sa ré dhigiteach, an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán, an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, Státchabhair, an tAontas Baincéireachta, Íocaíochtaí Déanacha, Éicidhearthóireacht, Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, Cód Custaim an Aontais, Cearta íospartach, Caighdeánú Eorpach, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an Rialachán Orgánach, Cleachtais Éagóracha Trádála.

### ❖ *Oibleagáidí tuairiscithe a laghdú agus a shimpliú*

Rinne an tArdán obair chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí, go háirithe ar FBManna, a laghdú trí mholtaí a thabhairt maidir le bealaí chun ceanglais tuairiscithe a shimpliú agus trí phrionsabal na haonuaire a chur chun cinn. Bhí ról tábhachtach ag an Ardán maidir le cuidiú leis an gCoimisiún oibriú i dtreo **laghdú 25% a bhaint amach ar an ualach a bhaineann le ceanglais tuairiscithe**.

Rinne an tArdán moltaí praiticiúla i dtrí thuairim thiomnaithe uaidh: Tuairisciú Uathoibrithe i dtaobh na hInbhuanaitheachta, Gníomhaíochtaí agus Modheolaíocht chun Carnadh Oibleagáidí Neamhriachtanacha Tuairiscithe a Sheachaint agus an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe.

### ❖ *Digitiú*

Leag an tArdán béim ar na féidearthachtaí a bhaineann le réitigh dhigiteacha chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun seirbhísí na hearnála poiblí a nuachóiriú.

Cuirtear an digitiú i dtábhacht i roinnt tuairimí, cuir i gcás Staidreamh Iascaigh na hEorpa, an Treoir maidir le Cead Aonair, Creat Reachtach Nua le haghaidh Táirgí, ríomhsholáthar, INSPIRE, Straitéis Idir-inoibritheachta na Rialtas, feithiclí a bhfuil a ré caite, cóid QR ar tháirgí.

### ❖ *Féachaint chuige go seasfaidh beartais agus dlí an Aontais an aimsir*

Tá obair an Ardáin ríthábhachtach chun go seasfaidh beartais agus dlí an Aontais an aimsir agus é ag tathant ar an gCoimisiún treochtaí, teicneolaíochtaí agus athruithe sóisialta atá ag teacht chun cinn a thuar.

Chuir an tArdán tuairimí síos maidir leis an aistriú glas agus digiteach, an creat rialála a sheasfaidh an aimsir, bithréitigh, soghluaisteacht ghairmiúil a chothú sa mhargadh aonair, dramhaíl bhia agus deonú bia, eintitis an gheilleagair shóisialta, tástáil FBManna.

Ina theannta sin **chuir an tArdán fianaise ar fáil le haghaidh na meastóireachtaí ar roinnt cistí Eorpacha**, mar shampla Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Comhtháthaithe, agus an Clár don Eoraip Dhigiteach.